



CONSTAIC MHÓR AR DHUL ISTEACH SAN AOIS DIGITEACH SÁRAITHE AG MUINTIR NA hAFGANASTÁINE

4 Bealtaine 2003 (1382/2/13) Cabúl, an Afganastáin – Tabharfaidh an Afganastáin céim ollmhór isteach in aois na cumarsáide digití nuair a fhoilseofar Dé Máirt seo chugainn (6 Bealtaine) tuarascáil thábhachtach a d’ullmhaigh grúpa saineolaithe ríomhaireachta ón Afganastáin, ón Iaráin agus ó Éirinn. Cuirfidh an cháipéis seo ar fáil den chéad uair riamh gach eolas a bheidh riachtanach do lucht déanta agus do lucht díolta earra bog chun teangacha na tíre a thabhairt chun beatha ar mhéarchláir agus ar scáileáin ríomhairí.

“Is ionann é sin agus a rá gur féidir anois cultúr, smaointeachas, nuáil agus tuairimí na hAfganastáine a chur i bhfriotal tríd an ríomhaire i dteangacha dúchasacha na hAfganastáine gan scagadh ar bith,” a deir Ercan Murat, Stiúrthóir Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe san Afganastáin. “Rachaidh sé seo chun sochair na hAfganastáine,” a dúirt sé, “agus chun sochair an domhain freisin.”

Is ar éigean a bhí slí ar bith ann go dtí seo a bhféadfadh muintir na hAfganastáine cumarsáid dhigiteach a dhéanamh ina dteanga féin. Ós rud é nach raibh fáil ar aon earra bog a bhí in ann na teangacha oifigiúla Paisteo agus Daraí a láimhseáil, bhí bac ar chumarsáid trí ríomhairí, rud a d’fhág go mbíodh ar an rialtas agus ar chomhlachtaí eile feidhm a bhaint as clóscríobháin.

Ba é Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) a d’iarr an tuarascáil, **Riachtanais Logánta le haghaidh Ríomhairí na hAfganastáine**, agus ba é Aontas na hEorpa a mhaoinigh í. Díríonn an tuarascáil ar chuid rúndiamhair ach cuid thábhachtach de theicneolaíocht an eolais: códú ilteangach carachtar agus tiománaithe méarchlár.

“Ar an drochuair, na comhlachtaí móra ríomhaireachta a dhéanann clófhoirne agus feidhmchláir is féidir a úsáid le haghaidh na hAraibise, cuir i gcás, ní sholáthraíonn siad aon earra bog a thacaíonn le lucht úsáide theangacha na hAfganastáine. Is tromchúiseach an constaic é sin i slí theicneolaíocht an eolais ar fud na hAfganastáine agus is fadhb mhór é,” a deir Michael Everson, ceannaire an tionscnaimh agus comhairleoir ó Everson Typography, Baile Átha Cliath, Éire. “Sábhálfaidh an staidéar seo acmhainní eolais atá ann cheana féin, sa chaoi gur féidir iad a roinnt agus a mhalartú amach anseo. Beimid ag tathant ar na comhlachtaí a dhéanann earra bog féachaint chuige go sásófar riachtanais ríomhaireachta na hAfganastáine,” a deir an tUasal Everson.

“Is éard atá i gceist le tacú le teanga cur ar chumas an úsáideora carachtair a ionchur ar mhéarchlár, iad a thaispeáint ar scáileán agus na sonrú sin a phriontáil. Ní mór rudaí eile a chur san áireamh freisin, ord aibítreach a ndéanfar sórtáil ann, formáidiú dáta agus ama, féilirí agus eilimintí eile a bhaineann go sainiúil leis an gcultúr áitiúil,” a mhíníonn Roozbeh Pournader, speisialtóir an ghrúpa i bhfeidhmiú scríbhinn na hAraibise, ó Thionscnamh Farsi don Ghréasán, Tehran, an Iaráin.

I láthair na huaire is lú ná triúr as gach céad na daoine i gCabúl a bhfuil a fhios acu conas úsáid a bhaint as ríomhaire. I réigiúin eile na hAfganastáine is ar éigean atá scileanna ríomhaireachta ag duine ar bith. Ó tharla Paisteo agus Daraí a bheith in úsáid ag breis is 80 faoin gcéad de dhaonna na hAfganastáine, cuirfidh earra bog sna teangacha sin go mór le cumas ríomhaireachta mhuintir na hAfganastáine, agus is uirlis tábhachtach a bheidh ann le haghaidh forbairt dhaonna na tíre.

Tá níos mó eolais faoi Phaisteo agus faoi Daraí sa staidéar seo ná mar atá ann faoi theangacha eile de chuid an réigiúin, Urdúis agus Peirsis, cuir i gcás, teangacha oifigiúla na Pacastáine agus na hIaráine faoi seach. Tabharfar cóip den tuarascáil don Unicode Consortium agus cuirfear í freisin faoi bhráid na gcomhlachtaí a bhaineann le hábhar, mar shampla Apple, HP, IBM, Microsoft, Red Hat agus Sun. Beidh sí le fáil ar líne chomh maith ag www.evertype.com/standards/af/.

Reachtálfar preasagallamh sa Roinn Cumarsáide i gCabúl ar 10:00 r.n. 6 Bealtaine 2003.

Gheofar tuilleadh eolais ach dul i dteagmháil le marc.lepage@undp.org i gCabúl: +93 70 280 871; nina.bull.jorgensen@undp.dk i gCabúl: +93 70 27 95 20 nó cherie.hart@undp.org i mBangcoc: +662 288 2133.